Ábhar: Admháil go bhfuarthas ilgearán a bhaineann leis an dréacht-bhundlí a cuireadh síos i bParlaimint na Spáinne (Comhdháil) an 13 Samhain 2023 maidir le ilphardún chun an staid institiúideach, pholaitiúil agus shóisialta sa Chatalóin a normalú.

Uimhir thagartha: CPLT(2023)02642

Fuair an Coimisiún líon ard gearán inar cuireadh in iúl ábhair imní a bhaineann leis an dréacht-bhundlí a cuireadh síos i bParlaimint na Spáinne (Comhdháil) an 13 Samhain 2023 maidir le hilphardún chun an staid institiúideach, pholaitiúil agus shóisialta sa Chatalóin a normalú.

Rinne an Coimisiún na gearáin sin a iontráil i gclárlann lárnach na ngearán faoin uimhir thagartha CPLT(2023)02642.

Maidir leis na forbairtí náisiúnta a luaitear sna gearáin, go háirithe an próiseas reachtach a bhaineann leis an togra le haghaidh Bundlí maidir le hIlphardún le haghaidh normalú institiúideach, polaitiúil agus sóisialta sa Chatalóin agus cruthú coistí parlaiminteacha speisialta chun imscrúdú a dhéanamh ar chásanna féideartha 'dlíchogaíochta', tá an Coimisiún, mar chaomhnóir na gConarthaí, ag déanamh anailíse orthu faoi láthair i dteagmháil le húdaráis na Spáinne. Déanfaidh an Coimisiún an anailís sin go han-chúramach, go neamhspleách agus go hoibiachtúil chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chinneadh, lena n-áirítear na bunluachanna a chumhdaítear sa Chonradh. Coinneoidh an Coimisiún súil ghéar ar an ábhar seo agus leanfaidh sé de bheith ag faire ar a bhfuil ag titim amach, agus i gcomhthéacs ullmhú Thuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta freisin.

I bhfianaise líon suntasach na ngearán a fuair sé faoin ábhar seo, tá an admháil fála seo á foilsiú ag an gCoimisiún ar an leathanach tiomnaithe den suíomh gréasáin Europa. Leis an bhfoilsiú seo ar líne is féidir freagairt go tapa agus iad siúd lena mbaineann a chur ar an eolas, agus cuirtear san áireamh leis go bhféadfadh an pobal i gcoitinne leas a bheith acu sa tsaincheist a tharraing na gearánaigh aníos. Is ar an suíomh gréasáin céanna Europa a gcuirfear na gearánaigh ar an eolas faoi thorthaí an scrúdaithe atá á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na gearáin sin agus faoi aon bheart leantach a chinnfidh an Coimisiún a dhéanamh.

Tá na gearáin á mbreithniú ag an gCoimisiún i bhfianaise dhlí an Aontais Eorpaigh is infheidhme agus i gcomhréir leis na tosaíochtaí forfheidhmiúcháin a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *EU law: Better Results through Better Application* [Dlí an Aontais Eorpaigh: Torthaí níos fearr a bhuí le cur i bhfeidhm níos fearr] [1]agus sa Teachtaireacht dar teideal *Enforcing EU law for a Europe that delivers* [Dlí an Aontais a fhorfheidhmiú ar mhaithe le hEoraip a dhéanann beart de réir a bhriathair][2].

Tabhair do d'aire, má chinneann an Coimisiún gníomhú ar na gearáin sin, lena n-áirítear tús a chur le nós imeachta foirmiúil um shárú, is é is príomhchuspóir dó a áirithiú go dtabharfaidh na Ballstáit éifeacht do dhlí an Aontais ar mhaithe leis an leas ginearálta. Gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ní réiteoidh sé sin go díreach cás sainiúil aonair an ghearánaigh. Chun sásamh a fháil, cúiteamh san áireamh má tá sin dlite duit, ba cheart duit dul chun caingne ar an leibhéal náisiúnta sa

[1] C(2016)8600.
[2] COM(2022) 518 final.

Bhallstát lena mbaineann. Nuair a chuirtear gearán faoi bhráid an Choimisiúin, ní chuirtear ar fionraí na teorainneacha ama maidir le tús a chur le caingean dlí faoin dlí náisiúnta. Ina theannta sin, agus an Coimisiún ag feidhmiú na lánrogha atá aige, féadfaidh sé a chinneadh gan tús a chur le nósanna imeachta foirmiúla um shárú, fiú má mheasann sé gur sáraíodh dlí an Aontais.

Is é an réamhshocrú atá ann gur faoi rún a dhéileálfaidh ranna an Choimisiúin le gearáin. An cás ina roghnódh gearánach san fhoirm ghearáin nach faoi rún a dhéileálfaí lena chuid sonraí, sin é an t-aon chás amháin ina bhféadfadh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh maille le haon fhaisnéis eile a chuir an gearánach sin faoina mbráid a nochtadh d'údaráis an Bhallstáit a ndearnadh an gearán ina choinne. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith fíor-riachtanach go nochtfadh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh chun déileáil leis an ngearán.

Tá ráiteas príobháideachais sonrach i bhfeidhm maidir le láimhseáil na ngearán.